




"The Handshake"

A sculpture in the Peace Garden at Loughan House Open Centre.

Tuarascáil an Ard-Stiúrthóra

Chuig: An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus Cosanta, An tUas. Alan Shatter, T.D.



A Aire,

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Sheirbhís Phríosúin na hÉireann don bhliain 2013 a chur faoi do bhráid.

Leanadh ar aghaidh in 2013 ag cur Plean Straitéiseach 3 bliana Sheirbhís Phríosúin na hÉireann 2012-2015 i bhfeidhm. Tá an tuairisc ar dhul chun cinn an Phlean Straitéisigh mar chuid den Tuarascáil seo.

Tá áthas orm a chur in iúl go bhfuil dul chun cinn maith déanta cheana féin ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise. D'éirigh go maith le feidhmiú céim ar chéim na gClár chun Filleadh ar an Phobal agus Beartas Réimeas Dreasaíthe sna príosúin ar fad. Ina theannta sin, bunaíodh Aonaid Chimithe ar leith i ngach príosún cimithe agus tugadh isteach nósanna imeachta measúnaithe iomchuí lena chinntiú go dtugtar cóireáil do phríosúnaigh de réir a stádas slándála.

Líon na bPríosúnach

Tharla an chéad laghdú suntasach ar líon na bpríosúnach ón mbliain 2007 in 2013. Cimíodh 15,735 duine chun príosúin in 2013; sin laghdú 7.6% ar an líon iomlán de 17,026 in 2012. Cuireadh 13,055 duine chun príosúin in 2013 i gcomparáid le 13,860 in 2012; sin laghdú 5.8%. Fir a bhí in 82.2% díobh sin agus mná a bhí i 17.8% díobh.

4,158 a bhí sa mheánlíon laethúil iomlán príosúnach faoi choimeád in 2013 i gcomparáid le 4,318 in 2012.

Costas de réir Áit Phríosúin a bhí ar fáil agus a raibh foireann ann

Ní raibh an figiúr maidir leis an gCostas de réir Áit Phríosúin a bhí ar fáil agus a raibh foireann ann le fáil tráth ar foilsíodh an tuarascáil seo mar nach bhfuil an t-eolas airgeadais le cur i gcrích go dtí deireadh Márta 2014. Foilseofar an t-eolas seo ar láithreán gréasáin Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i Ráithe 2 2014.

Cigire na bPríosún

Lean Seirbhís Phríosúin na hÉireann ag obair go dlúth le Cigire na bPríosún in 2013. Buailimid leis an gCigire go foirmiúil ar bhonn ráithiúil agus go neamhfhoirmiúil i rith na bliana. Déanann an Cigire maoirsiú athchóirithe agus neamhspleách ar ár bpríosúin agus leagann amach na caighdeáin is airde do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i gcónaí. Cuirimid an oiread is atá praiticiúil dá chuid moltaí i bhfeidhm. D'oibríomar leis an gCigire maidir lenár dtoilleadh leapacha a athailíniú. Díol suntais in 2013 ab ea Tuarascáil Bhliantúil an Chigire do 2012 inar iarr sé Foras Naomh Pádraig a dhúnadh.

Foras Naomh Pádraig a Dhúnadh

Tá obair mhór curtha i gcrích maidir le Foras Naomh Pádraig a dhúnadh. Ó Bhealtaine 2012, tá gach buachaill 16 bliana d'aois á choimeád sa tSaoráid Coinneála Leanaí i mBaile an Oibricigh. I mí na Nollag anuraidh, aistríodh gach buachaill 17 mbliana d'aois ó Fhoras Naomh Pádraig go dtí sainaonad i bPáirc na Cruithneachta ar bhonn eatramhach ar feitheamh oscailt na saoráidí nua i mBaile an Oibricigh. Chun an t-aistriú sin a éascú, ath-ainmníodh saoráid na Cruithneachta mar Áit Choinneála. Tabharfar aistriú an chóhoirt 18-21 mbliana d'aois chuig sain-aonad ar leithligh chun críche go luath i Feabhra 2014.

Comh-Straitéis foilsithe

I mBealtaine d'fhoilsíomar Comh-Phlean Straitéiseach 2013-2015 lenár gcomhghleacaithe sa tSeirbhís Phromhaidh. Is éard atá sa Straitéis, a chuireann le Pleananna Straitéiseacha an dá Sheirbhís a foilsíodh in 2012, ná teacht i láthair an ghealltanais a tugadh i gClár an Rialtais le comhordú níos fearr lena chéile a chinntiú chun cláir

Seirbhís Phríosúin na hÉireann – Tuarascáil Bhliantúil 2013

bhainistithe ciontóirí comhtháite a chruthú. Tá áthas orm a chur in iúl go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ó thaobh an straitéis a chur i bhfeidhm agus tá nuashonrú ar an dul chun cinn san áireamh sa Tuarascáil seo.

Réimis Srianata

I mí Iúil, bhunaíomar grúpa ardleibhéil chun féachaint ar bhearta leis an líon príosúnach a choimeádtar ar réimis srianata a laghdú, le súil agus a chinntiú go bhfaigheann gach príosúnach 3 uair an chloig lasmuigh den chillín gach lá, mar chaighdeán íosta. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú 32% ar an líon príosúnach ar réimeas srianata ar feadh an chórais ó 339 i mí Iúil 2013 go 228 ag deireadh na bliana. Chomh maith leis sin, tháinig laghdú de 161 príosúnach, nó beagnach 76%, ar líon na bpríosúnach a bhíonn faoi ghlas ar feadh 22/23 uair in aghaidh an lae, ó 211 príosúnach go 50 le linn na bliana.

Clár na Croise Deirge

Leanamar le feidhmiú céim ar chéim Thionscadal Oibrithe Deonacha na Croise Deirge ar feadh na bpríosún. Cuireann tionscadal na Croise Deirge go mór leis an saol laethúil sa phríosún de bharr go spreagann sé príosúnaigh a bheith páirteach i dtionscadail a chuireann feabhas ar an timpeallacht sa phríosún. Táthar ag súil go mbeidh Clár na Croise Deirge i bhfeidhm i ngach príosún go luath in 2014.

Staidéar ar Atitimeachas

I mBealtaine 2013, i gcomhar leis an tSeirbhís Phromhaidh agus leis an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO), d'fhoilsíomar an chéad staidéar ar atitimeachas inar tugadh tuairisc ar atitimeachas i measc ciontóirí a scaoileadh saor ón bpríosún in 2007 i ndiaidh pianbhreith a thabhairt chun críche. I mí na Nollag, foilsíodh staidéar iardain maidir le ciontóirí a scaoileadh saor ón bpríosún in 2008. Tá clár bliantúil de tuilleadh staidéir ar atitimeachas comhaontaithe againn leis an CSO agus leis an tSeirbhís Phromhaidh, clár a athbhreithneofar agus a fhorbófar ar bhonn bliantúil.

Eastát na bPríosún a Nuachóiriú

Tá gníomh suntasach déanta chun eastát na bpríosún a nuachóiriú agus chun sláinteachas sa chill a thabhairt isteach i ngach cill faoi ghlas. Leanadh leis an tionscadal athchóirithe i Muinseo agus tá an obair athchóirithe tugtha chun críche anois in eití A, B agus C. Tá tús á chur leis an obair ar Eite D in 2014. Ina theannta sin, síníodh an conradh chun Príosún nua a thógáil i gCorcaigh i mí na Nollag 2013 agus tá tús le cur le tógáil an phríosúin in Eanáir 2014.

Tá laghdú mór tagtha ar líon na bpríosúnach nach bhfuil leithreas ina gcill acu, ó níos mó ná 800 in 2012 go níos lú ná 500 faoi dheireadh 2013. Laghdóidh an líon sin arís go luath in 2014 nuair a dhúnfar Eite D i Muinseo lena hathchóiriú.

Conclúid

Is mian liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe i Seirbhís Phríosúin na hÉireann as a dtiomantas agus a ngairmiúlacht leanúnach. Baineadh go leor amach agus rinneadh dul chun cinn mór in 2013. Dealraíonn sé go bhfuil laghdú ag teacht ar líon na ndaoine arna gcimiú chun príosúin, rud a mhaolaíonn an fhadhb síoraí a bhaineann le róphlódú agus rud a thugann deis dúinn díriú ar ár misean a chur i gcrích, eadhon *“príosúnaigh a choimeád go sábháilte agus go slán, dínit cúraim agus athinmheachán a sholáthar do phríosúnaigh ar mhaithe le sábháilteacht sa phobal”*.

Michael Donnellan

Ard-Stiúrthóir

Forbhreathnú ar Sheirbhís Phríosúin na hÉireann

Ár Misean

Coimeád sábháilte, dínit cúraim agus athinmheachán a sholáthar do phríosúnaigh ar mhaithe le pobail níos sábháilte.

Ár bhFís

Pobal níos sábháilte trí bharr feabhais i seirbhís príosún bunaithe ar mheas do dhínit an duine.

Ár Luacha

Seirbhís: Déanaimid freastal ar an phobal.

Sábháilteacht an Phobail: Mar chuid ríthábhachtach den chóras ceartais choiriúil déanaimid iarracht cur go dearfach le sábháilteacht an phobail.

Ceannaireacht: Is é ár dtoilmhian bheith inár n-eiseamláirí dearfacha agus daoine eile a spreagadh chun barr feabhais a bhaint amach.

Ionracas: Gníomhaímid go dleathach, go trédhearcach, go macánta, go hiontaofa, go cóir agus go heiticiúil.

Meas: Is le cúirtéis agus meas a chaithimid le gach duine, agus cúram orainn i leith a ndínite, a gcomhionannais agus a gceart daonna.

Bunaithe ar Phrionsabail: Tugaimid an deis do chiontóirí tabhairt faoi chláir agus gníomhaíochtaí oiriúnacha d'fhonn a saol a fheabhsú ar mhaithe le pobal níos sábháilte. Cuirimid na prionsabail – normalú, freagracht phearsanta, indibhidiúlú, neamh-idirdhealú, dul chun cinn agus athimeascadh – i bhfeidhm go cuí.

Comhoibriú: Oibrímid le chéile, agus cruthaímid comhpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí eile ionas go mbainfidh ár bhfeidhmíocht tairbhe as réimse leathan peirspictíochtaí, léargas agus comhairle.

Freagracht: Táimid freagrach dúinn féin agus do dhaoine eile as ár ngníomhartha agus ár gcinntí.

Saol an Teaghlaigh agus an Phobail: Cabhraímid le ciontóirí, más cuí, chun caidreamh teaghlaigh agus teagmháil leis an mórfhobal a choimeád.

Misneach: Déanaimid an rud ceart, fiú i gcás anachaine.


Barr Feabhais: Iompraímid muid féin go dearscnaitheach.

An Eagraíocht


Dílsítear freagracht pholaitiúil as an chóras príosúin in Éirinn don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus Cosanta. Feidhmíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann mar ghníomhaireacht fheidhmiúcháin laistigh den Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tá sí faoi stiúir Ard-Stiúrthóra, agus tacaíonn 7 stiúrthóirí léi.

Déileálann Seirbhís Phríosúin na hÉireann le ciontóirí fireanna atá 17 mbliana d’aois nó os a chionn agus le ciontóirí baineanna atá 18 mbliana d’aois nó os a chionn.

Riartar Seirbhís Phríosúin na hÉireann go lárnach, agus tá ceanncheathrú na Seirbhíse i mbaile Longfoirt.



Fíor 1. Córas Ceartais Choiriúil na hÉireann



Irish Prison Service, Headquarters and Directorates

Translation overleaf:

Buiséad

Ba é €328.538 milliún an buiséad bliantúil do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann in 2013.

Soláthar Foirne

Ag deireadh 2013 bhí 3,432 ball foirne i Seirbhís Phríosúin na hÉireann, lena n-áirítear gráid shibhialtacha agus foireann na ceanncheathrún.

Creatlach Reachtúil

Feidhmíonn an tSeirbhís Phríosúin faoi chreatlach reachtúil ina gcuimsítear:

- Achtanna na bPríosún, lena n-áirítear Acht na bPríosún, 2007;
- forálacha iomchuí i reachtanna eile mar Acht na bPríosún (Coistí Cuairte), 1925, an tAcht um Cheartas Coiriúil, 1960, an tAcht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997, an tAcht um Cheartas Coiriúil, 2007, achtanna eile um cheartas coiriúil agus na hAchtanna um Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu, 1995 agus 1997;
- na Rialacha um Rialú Príosún, 2007; agus
- an tAcht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003.

Maidir le daoine a choinnítear ar chúiseanna a bhaineann le hinimirce, is iad na príomhfhorálacha reachtaíochta na hAchtanna Inimirce, 1999, 2003 agus 2004, na rialúcháin a bhaineann leo, an tAcht um Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil), 2000, agus Acht na nDídeanaithe, 1996.

Anuas air sin, tugann an tSeirbhís Phríosúin aird chuí ar chonarthaí, dearbhuithe, caighdeáin agus moltaí éagsúla idirnáisiúnta cearta daonna, lena n-áirítear:

- Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;
- an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine;
- Rialacha Caighdeánacha Íosta na Náisiún Aontaithe um Chóir a Chuirtear ar Phríosúnagh;
- na Rialacha Eorpacha Príosún, 2006;
- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in Aghaidh Céastóireachta agus in Aghaidh Íde nó Pionóis eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach;
- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Sibhialta agus Polaitiúla; agus
- an Coinbhinsiún Eorpach um Chéastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc.

Tugann an tSeirbhís Phríosúin aird chuí chomh maith ar Thuarascálacha Chigire na bPríosún, agus féachfaidh sí le moltaí an Chigire a fheidhmiú.

Forfheidhmiú an Chláir don Rialtas

Mar ghníomhaireacht fheidhmiúcháin de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, tacaíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann leis an Roinn chun na forálacha iomchuí de chuid an Chláir um Théarnamh Náisiúnta, 2011 – 2016 de chuid an rialtais a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear gealltanais chun:


- sábháilteacht a fheabhsú inár bpobail;
- riachtanais an phobail agus riachtanais íospartaigh na coireachta agus cearta na ndaoine a gcuirfear coir ina leith a chothromú;
- seirbhísí a sholáthar ar shlí inmharthana ar bhonn eacnamaíoch/laistigh den bhuiséad;
- comhoibriú tras-eagraíochta agus comhroinnt spriocanna idir gach eagraíocht dlí agus cirt agus comhionannais le Ranna agus gníomhaireachtaí eile a bhrú;
- cur le comharthaíocht éifeachtach thras-fheidhme agus chomhghníomhaireachta, cuir i gcás, maidir le beartas sóisialta, leanaí, mí-úsáid substaintí agus saincheisteanna eile tras-rialtais;
- cur le tionscnamh athchóirithe an rialtais, “Oscailteacht Rialtais”;
- cur le héifeachtúlacht agus éifeachtacht fheabhsaithe eagraíochtúil, bainistíocht eolais agus seachadadh seirbhísí;
- leanúint den dlí coiriúil agus den dlí sibhialta a thabhairt cothrom le dáta.

Eastát na bPríosún

Príosúin na hÉireann

Tá 14 fhoras i gcóras príosúin na hÉireann, lena n-áirítear 11 fhoras traidisiúnta “dúnta”, dhá ionad oscailte, a fheidhmíonn le mionshlándáil inmheánach agus imlíneach, agus saoráid amháin “leath-oscailte” a bhfuil slándáil traidisiúnta imlíneach ach mionshlándáil inmheánach inti (An tAonad Oiliúna). Tugtar cóiríocht d’fhormhór na bpríosúnach baineann sa Lárionad le Dóchas, agus tugtar cóiríocht don chuid eile i bPríosún Luimnigh.

Tugadh rialachas campas-bhunaithe isteach i dtrí láthair – Campas Iarthar Bhaile Átha Cliath (Príosún Pháirc na Cruithneachta agus Chnoc na Seamar), Campas Phort Laoise (Príosún Phort Laoise agus an Láir Tíre) agus Campas Mhuinseo (Príosún Mhuinseo, Foras Naomh Pádraig, An Lárionad le Dóchas agus an tAonad Oiliúna).



Fíor 2. The Irish Prison Service Estate

Fíor 2. Eastát Sheirbhís Phríosúin na hÉireann

Campas Phríosúin Iarthar Bhaile Átha Cliath

Gobharnóir Campais: Colm Barclay

Gobharnóir II: John Farrell

Príosún Pháirc na Cruithneachta

Bóthar Chnoc na Seamar

Cluain Dolcáin

Baile Átha Cliath 22

Gobharnóir III: Patrick Kavanagh

Toilleadh Oibriúcháin: 540 príosúnach ag deireadh na bliana.

Príosún meánslándála dúnta d’fhir atá 17 mbliana d’aois agus os a chionn is ea **Príosún Pháirc na Cruithneachta**.

Líon na bPríosúnach: Ba é 626 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2013.

Príosún Chnoc na Seamar

Bóthar Chnoc na Seamar

Cluain Dolcáin

Baile Átha Cliath 22.

Gobharnóir III: Ronan Maher

Toilleadh Oibriúcháin: 431 príosúnach ag deireadh na bliana.

Príosún meánslándála dúnta d’fhir atá 18 mbliana d’aois agus os a chionn is ea **Príosún Chnoc na Seamar**, a fhreastalaíonn go príomha ar phríosúnaigh atá ar athchur as ceantar Laighean.

Líon na bPríosúnach: Ba é 402 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2013.

Campas Phríosúin Phort Laoise

Gobharnóir I: Martin Mullen

Gobharnóir II: John Malone

Príosún Phort Laoise

Bóthar Bhaile Átha Cliath

Port Laoise

Co. Laoise.

Gobharnóir III: Ethel Gavin

Toilleadh Oibriúcháin: 291 príosúnach ag deireadh na bliana.

Príosún ardslandála dúnta d’fhir atá 18 mbliana d’aois agus os a chionn is ea **Príosún Phort Laoise**. Is é an príosún cimithe dóibh siúd arna gcur faoi choimeád ón Chúirt Choiriúil Speisialta, agus orthu siúd a dtugtar cóiríocht dóibh anseo tá na príosúnaigh sin a bhfuil baint acu le coiriúlacht threascrach.

Líon na bpríosúnach: Ba é 262 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2013.

Príosún an Láir Tíre

Bóthar Bhaile Átha Cliath
Port Laoise
Co. Laoise.

Gobharnóir III: Ultan Moran

Toilleadh Oibriúcháin: 870 príosúnach ag deireadh na bliana.

Príosún meánslándála dúnta d'fhir atá 18 mbliana d'aois agus os a chionn is ea **Príosún an Láir Tíre**. Is é an príosún cimithe do Chontaetha Cheatharlach, Chill Dara, Chill Chainnigh, Laoise, Uíbh Fhailí agus na hIarmhí.

Líon na bpríosúnach: Ba é 762 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2013.

Campas Phríosún Mhuinseo

Gobharnóir I: Edward Whelan

Gobharnóir II: Michael Lawton

Gobharnóir III: Greg Garland

Príosún Mhuinseo

An Cuarbhóthar Thuaidh
Baile Átha Cliath 7.

Toilleadh Oibriúcháin: 575 príosúnach ag deireadh na bliana.

Príosún meánslándála dúnta d'fhir atá 18 mbliana d'aois agus os a chionn is ea **Príosún Mhuinseo**. Is é an príomhphríosún cimithe do chathair Bhaile Átha Cliath.

Líon na bpríosúnach: Ba é 537 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2013.

An tAonad Oiliúna

Paráid an Ghleanna Ghairbh
An Cuarbhóthar Thuaidh
Baile Átha Cliath 7.

Toilleadh Oibriúcháin: 106 príosúnach ag deireadh na bliana.

Príosún ísealslándála leath-oscailte d'fhir atá 18 mbliana agus os a chionn is ea **An tAonad Oiliúna**, agus tá béim láidir ar an obair agus ar an oiliúint ann.

Líon na bPríosúnach: Ba é 105 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2013.

Foras Naomh Pádraig

An Cuarbhóthar Thuaidh
Baile Átha Cliath 7.

Gobharnóir III: Daniel Robbins

Toilleadh Oibriúcháin: 115 príosúnach ag deireadh na bliana.

Ionad Coinneála meánslándála dúnta d'fhir atá idir 17 mbliana d'aois agus 21 bliain d'aois is ea **Foras Naomh Pádraig**, agus tá cóiríocht ar fáil ann do phríosúnaigh atá ar athchur agus do phríosúnaigh ar cuireadh pianbhreith orthu araon.

Ón 17 Nollaig 2013 tugtar cóireáil do gach príosúnach idir 18-20 bliain d'aois agus do gach príosúnach faoi phianbhreith 17 mbliana d'aois i bPríosún Pháirc na Cruithneachta.

Líon na bPríosúnach: Ba é 129 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2013.

An Lárionad le Dóchas

An Cuarbhóthar Thuaidh
Baile Átha Cliath 7.

Gobharnóir III: Mary O'Connor

Toilleadh Oibriúcháin: 105 príosúnach ag deireadh na bliana.

Príosún meánslándála dúnta do mhná atá 18 mbliana d'aois agus os a chionn is ea **An Lárionad le Dóchas**. Is é an príosún cimithe do mhná arna gcimiú ar athchur nó arna ndaoradh as gach Cúirt lasmuigh de cheantar na Mumhan.

Líon na bPríosúnach: Ba é 127 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2013.

Aonaid Thacaíochta SPÉ

Rannóg na Seirbhísí Foirgníochta
Coláiste na Seirbhíse Príosúin
Grúpa Tacaíochta Oibriúcháin
Cór Coimhdeachta SPÉ

Gobharnóir: George Victory
Gobharnóir: Folúntas
Gobharnóir: John Kavanagh
Gobharnóir: Michael Cosgrove

Príosún Chnoc an Arbhair

Cnoc an Arbhair
Baile Átha Cliath 7.

Gobharnóir: Liam Dowling

Toilleadh Oibriúcháin: 142 príosúnach ag deireadh na bliana.

Príosún meánslándála dúnta d'fhir atá 18 mbliana d'aois agus os a chionn is ea **Príosún Chnoc an Arbhair**. Príosúnaigh ar cuireadh pianbhreith fhadtéarmach orthu atá ann tríd is tríd.

Líon na bPríosúnach: Ba é 141 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2013.

Príosún an Chaisleáin Riabhaigh

Cluain Salach
An Caisleán Riabhach
Co. Ros Comáin

Gobharnóir: Martin Reilly

Toilleadh Oibriúcháin: 340 príosúnach ag deireadh na bliana.

Príosún meánslándála dúnta d'fhir atá 18 mbliana d'aois agus os a chionn is ea **Príosún an Chaisleáin Riabhaigh**. Is é an príosún cimithe do phríosúnaigh atá ar athchur agus príosúnaigh ar cuireadh pianbhreith orthu i gCúige Chonnacht, agus glactar le cimithe as Contaetha an Chabháin, Dhún na nGall agus an Longfoirt chomh maith.

Líon na bPríosúnach: Ba é 354 meánlíon laethúil na bpríosúnach faoi choimeád in 2013.

Príosún Chorcaí

Bóthar na Rátha Móire
Cathair Chorcaí.

Gobharnóir: James Collins

Toilleadh Oibriúcháin: 210 príosúnach ag deireadh na bliana.

Príosún meánslándála dúnta d'fhir atá 18 mbliana d'aois agus os a chionn is ea **Príosún Chorcaí**. Is é an príosún cimithe do Chontaetha Chorcaí, Chiarraí agus Phort Láirge.

Líon na bPríosúnach: Ba é 231 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2013.

Príosún Luimnigh

Sráid Mulgrave
Luimneach.

Gobharnóir: Patrick Dawson

Toilleadh Oibriúcháin: 220 príosúnach (fireann) and 28 príosúnach (baineann) ag deireadh na bliana.

Príosún meánslándála dúnta d'fhir agus do mhná atá 18 mbliana d'aois agus os a chionn is ea **Príosún Luimnigh**. Is é an príosún cimithe d'fhir do Chontaetha an Chláir, Luimnigh agus Thiobraid Árann, agus do mhná do gach ceann de shé chontae na Mumhan.

Líon na bPríosúnach: Ba é 225 fear agus 29 bean meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2013.

Teach an Locháin

An Blaic
Co. an Chabháin.

Gobharnóir: Liam Reilly

Toilleadh Oibriúcháin: 140 príosúnach ag deireadh na bliana.

Príosún ísealslándála oscailte d'fhir atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn a meastar go dteastaíonn leibhéil níos ísle slándála uathu is ea **Teach an Locháin**.

Líon na bPríosúnach: Ba é 124 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2013.

Mainistir Shelton

An tInbhear Mór
Co. Chill Mhantáin.

Gobharnóir: Conal Healy

Toilleadh Oibriúcháin: 115 príosúnach ag deireadh na bliana.

Príosún ísealslándála oscailte d'fhir atá 19 mbliana d'aois agus os a chionn a meastar go dteastaíonn leibhéil níos ísle slándála uathu is ea **Mainistir Shelton**.

Líon na bPríosúnach: Ba é 104 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2013.

Tuarascáil Staitistiúil

Forbhreathnú – sracfhéachaint ar staitisticí 2013

Bhí 15,735 cimiú chun príosúin in 2013, laghdú de 7.6% ar iomlán 2012, 17,026.

Cuireadh 13,055 duine chun príosúin in 2013, i gcomparáid le 13,860 duine in 2012, a sheasann de laghdú de 5.8%. Orthu sin, fir ba ea 82.2% agus mná ba ea 17.8% díobh.

Cimithe le linn 2013

- Bhí laghdú de 1,037 or 7.7%, ar líon na ndaoine a cimíodh chun príosúin faoi phianbhreith in 2013 (12,489) i gcomparáid le 2012 (13,526).
- Tháinig laghdú de 24.5% ar líon na bpríosúnach arna gcimiú a raibh pianbhreith idir bliain is dhá bhliain á gcur isteach acu i gcomparáid le figiúr 2012 (461 in 2012 go dtí 348 príosúnach in 2013).
- Tháinig laghdú de 25.1% ar líon na bpríosúnach arna gcimiú a raibh pianbhreith idir a dó is a trí de bhlianta á gcur isteach acu i gcomparáid le figiúr 2012 (447 príosúnach in 2012 go dtí 335 príosúnach in 2013).
- **Tháinig laghdú 5.6% ar líon na gcimithe arna gcimiú faoi phianbhreith de 12 mí nó níos lú i gcomparáid le figiúr 2012 (11,844 príosúnach in 2012 go dtí 11,182 príosúnach in 2013). B'ionann an cohórt sin agus 89.5% de na cimithe go léir faoi phianbhreith in 2013.**
- Tháinig laghdú de bheagnach 2% ar líon na gcimithe faoi phianbhreith níos lú ná 3 mhí i gcomparáid le figiúr 2012, i.e., ó 8,837 cimiú in 2012 go dtí 8,663 cimiú in 2013. Tá siad siúd a cimíodh chun príosúin de bharr nár íoc siad féineáil a d'ordaigh an chúirt, curtha san áireamh sa chatagóir seo, figiúr a d'ardaigh 2.2% in 2013 i gcomparáid le figiúr 2012, i.e., ó 8,304 cimiú in 2012 go dtí 8,121 cimiú in 2013.

Daoine arna gcoinneáil faoi Dhlíthe Inimirce

In 2013 bhí 396 cimiú maidir le saincheisteanna inimirce a bhain le 374 coinneálaí. Is ionann é seo is laghdú beag i gcomparáid le figiúirí na bliana roimhe sin (400 cimiú a bhain le 385 coinneálaí). Ba é 13 meánlíon laethúil na ndaoine faoi choimeád sa chatagóir seo.

Roghbhlúire de líon na bpríosúnach an 30 Samhain 2013.


- Bhí laghdú 4.6% ar líon iomlán na ndaoine faoi choimeád an dáta sin (4,289 a 30 Samhain 2013 go dtí 4,099 an 30 Samhain 2013).
- Bhí 319 príosúnach (9.2%) ag cur isteach pianbhreitheanna saoil, agus bhí 296 príosúnach eile (8.5%) ag cur isteach pianbhreitheanna aontrátha a bhí 10 mbliana nó níos mó.

- Bhí 36 ciontóir ag cur isteach pianbhreitheanna a bhí níos lú ná 3 mhí, atá in ionannas le 1% de líon iomlán na bpríosúnach faoi choimeád. Bhí 8 duine i bpríosún faoi nár íoc siad fíneáil, atá in ionannas le 0.2% de líon iomlán na bpríosúnach faoi choimeád.
- Bhí 745 príosúnach ar scaoileadh sealadach, 237 díobh a bhí ag cur isteach pianbhreith níos lú ná 3 mhí maidir le fíneálacha, 116 a bhí ar an Fillte ar an Phobal agus 48 díobh a bhí ar scaoileadh sealadach chuig an Scéim Tacaíochta Pobail.

Costas de réir Áit Phríosúin a bhí ar fáil agus a raibh foireann ann

Ní raibh fáil ar an bhfigiúr don mheánchostas maidir le áit phríosúin a bhí ar fáil agus a raibh foireann ann le linn 2013 an tráth ar foilsíodh an tuarascáil seo de bharr nach dtabharfar an t-eolas airgeadais chun críche go dtí deireadh Márta 2014. Foilseofar an figiúr ar láithreán gréasáin Sheirbhís Phríosúin na hÉireann (www.irishprisons.ie) i Ráithe 2 2014.

Líon laethúil na bpríosúnach faoi choimeád



Fíor 3. Líon Laethúil 2008 - 2013


Ba é 4,158 duine meánlíon laethúil iomlán na bpríosúnach faoi choimeád in 2013, i gcomparáid le 4,318 duine in 2012.

Ba é 156 duine meánlíon na bpríosúnach baineann faoi choimeád, méadú de 2.6% i gcomparáid le 152 duine ar an meán in 2012.

Roghbhlúire de líon na bpríosúnach ar 30 Samhain 2013


An 30 Samhain 2013 ba é 4,099 duine líon iomlán na ndaoine faoi choimeád, lenár áiríodh:

- 614 Príosúnach ar Athchur / ar a dTriail 8 Príosúnach Fíneála
- 11 Coinneálaithe Inimirce
- 62 Príosúnach Treascrach




Under sentence: faoi phianbhreith; remand/trial: ar athchur/ar a dtrial; Immigration: inimirce; In custody: faoi choimeád

Fíor 4. Forbhreathnú ar líon na bpríosúnach: roghbhlúire an 30 Samhain 2013




Fíor 5. Líon na bpríosúnach faoi phianbhreith de réir aoise amhail an 30 Samhain 2013

Sentence length



Sentence Length: Fad na pianbhreithe; Life sentence: pianbhreith saoil; Mths: Mhí; Yrs: Bl.;


Fíor 6. Fad pianbhreithe na bpríosúnach: roghbhlúire an 30 Samhain 2013



Offence group classified by sentence: Cionghrúpa rangaithe de réir na pianbhreithe

Fíor 7. Cionghrúpa na bpríosúnach: roghbhlúire ar 30 Samhain 2013

Cimiú chun príosúin in 2013



Committals: Cimithe

Fíor 8. Cimiú chun príosúin 2007 - 2013

Líon na ndaoine arna gcimiú chun príosúin in 2013


Bhain an 15,735 cimiú le 13,055 duine. Baineann an figiúr seo le daoine nua-chimithe (i.e. nach raibh ar athchur cheana féin nó ag cur isteach pianbhreithe eile). Tá sé seo in ionannas le laghdú de 5.8% i gcomparáid le figiúr iomlán 2012, 13,860 duine.

Tá iomlán na gcimithe chun príosúin, 15,735 cimiú, i gcomparáid le 17,026 cimiú in 2012, in ionannas le laghdú de 7.6%.

Ar an 17,735 cimiú sin bhí:


- 12,011 cimiú faoi phianbhreith,
- 3,234 cimiú ar athchur,
- 86 cimiú maidir le heiseachadadh faoi Bharántas Gabhála Eorpach
- 396 cimiú faoi dhlí na hinimirce agus
- 8 cimiú as díspeagadh cúirte.

Age of persons committed - Female



Female: Aois na ndaoine arna gcimiú – Mná


Age of persons committed - Male



Male: Aois na ndaoine arna gcimiú - Fir


Fíor 9. Aois agus Inscne na ndaoine arna gcimiú chun príosúin in 2013

Male



Total number 13,008

Female



Total number 2,727

Male: Fir; Female: Mná; Sentenced: Faoi phianbhreith, Remand: Athchur, Immigration: Inimirce, European Arrest Extradition: Eiseachadh Gabhála Eorpach, Indefinite Contempt of Court: Díspeagadh Cúirte Éiginnte

Fíor 10. Cimithe le linn 2013 arna rangú de réir chineál an chimithe agus inscne

Contae Dúchais agus Tír Dhúchais na ndaoine arna gcimiú chun príosúin

As na daoine ar fad a cimidh luaigh os cionn an cheathrú cuid acu (27.6%) gurb é Baile Átha Cliath an contae inár chónaigh siad. Ba iad Corcaigh (15.3%), Luimneach (7.9%) agus Gaillimh (4.8%) na contaetha ba mhó a luadh i ndiaidh Bhaile Átha Cliath.

As na 13,055 duine ar fad a cimidh, Éireannaigh ba ea 10,719 duine díobh (82.1%), laghdú de 616 duine nó 5.4% i gcomparáid le figiúr 2012, 11,335.

Náisiúnaigh ó bhallstáit eile de chuid an Aontais Eorpaigh (nach Éireannaigh iad) ba ea 1,577 (12.1%) de na daoine a cimidh. Náisiúnaigh Eorpacha eile ba ea 131 duine díobh (1%), náisiúnaigh Afraiceacha ba ea 293 duine díobh (2.2%), náisiúnaigh Áiseacha ba ea 224 duine díobh (1.7%), agus náisiúnaigh Mheiriceá Láir agus Theas ba ea 61 duine díobh (0.5%).


Tá miondealú de réir contae cónaithe ar fáil ar ár suíomh gréasáin: www.irishprisons.ie

Cimithe faoi Phianbhreith

Bhí 12,011 cimiú díreach faoi phianbhreith in 2013. Nuair a chuirtear leis sin 478 príosúnach, a bhí faoi choimeád cheana féin ag tús na bliana ar athchur/ag fanacht ar thriail agus a cimíodh ina dhiaidh sin, is é 12,489 líon iomlán na bpríosúnach in 2013 ar glacadh leo ar chiontú dóibh.

Fad pianbhreithe


Bhí laghdú de 7.7% (1,037 duine) ar líon na ndaoine a cimíodh chun príosúin faoi phianbhreith in 2013 (iomlán de 12,489) i gcomparáid le figiúr 2011 (13,526).




* lena n-áirítear 478 príosúnach a bhí ar athchur ag tús na bliana agus a cimíodh ina dhiaidh sin

Fíor 11. Forbheathnú ar chimithe le linn 2013


Cimithe faoi Phianbhreith (ar lean)



Fíor 12. Cimithe faoi phianbhreith le linn 2013 de réir cionghrúpa



Fíor 13. Cimithe faoi phianbhreith le linn 2013 de réir fhad na pianbhreithe



Age Group: Aoisghrúpa

17, 18 go <21, 21 go <25, 25 go <30, 30 go <35, 35 go <40, 40 go <45, 45 go <50, 50+

Fíor 14. Cimithe faoi phianbhreith le linn 2013 de réir aoisghrúpa

Cimithe maidir le Fíneálacha nó Fiachas

In 2013 bhí laghdú de 2.2% ar líon na gcimithe – ar chimithe iad nár íoc fíneáil a d’ordaigh an chúirt – i gcomparáid le figiúr 2012, i.e., ó 8,304 cimiú in 2012 go dtí 8,121 cimiú in 2013.

As na cimithe seo, príosúnaigh bhaineanna ba ea 1,894 duine acu, agus príosúnaigh fhireanna ba ea 6,227 duine acu. Cimíodh 22 féichiúntaí (21 fear agus bean amháin) le linn na bliana.

Tá tuilleadh eolas staidrimh ar fáil ar ár suíomh gréasáin www.irishprisons.ie

Cuspóirí Straitéiseacha

Cuspóirí Straitéiseacha

Sheol an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus Cosanta, An tUas. Alan Shatter, T.D. an Plean nua Straitéiseach Trí Bliana do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann in Aibreán 2012.

Rinneadh forbairt ar an Ráiteas Straitéise i gcomhar lenár bhfoireann sa cheanncheathrú, iad siúd atá lonnaithe sna príosúin agus in áiteanna eile. Tugadh faoi phróiseas leathan comhairleoireachta chomh maith leis na páirtithe leasmhara cuí ar fad sa chóras coiriúil dlí agus cirt agus lasmuigh dó sin.

Is iad na cuspóirí ardleibhéal uileghabhálacha atá ina mbuntaca ag ár ngníomhartha straitéiseacha ná:

- Sábháilteacht an phobail a neartú trí choimeád sábháilte a chur ar fáil dóibh siúd arna gcimiú ag na Cúirteanna, trí cur chuige ilghníomhaireachta do chiontóirí a fhorbairt ar mhaithe leis an mbaol atá ann go ndéanfaidh siad coir eile a laghdú agus athshlánú na bpríosúnach a fheabhsú.
- Comhlíonadh na hÉireann le hoibleagáidí cearta daonna náisiúnta agus idirnáisiúnta agus dea-chleachtais a chinntiú.
- Leasuithe a chur ar fáil agus athruithe a chur i bhfeidhm faoi Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí agus an Plean Athchóirithe Comhtháite don Earnáil Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Tá ról an-tábhachtach ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann chun coimeád slán, sábháilte a chur ar fáil dóibh siúd ar fad arna gcimiú ag na cúirteanna. Is é ról na Seirbhíse chomh maith plé le príosúnaigh ciontaithe ar bhealach réalaíoch, fóinteach ar mhaithe leis an seans go ndéanfaidh siad coireanna eile a laghdú agus lena lánpháirtíocht i measc an tsochaí arís a fheabhsú, agus dá réir ag cur le sábháilteacht an phobail agus atitimeachas a laghdú agus ag an am céanna ag cinntiú go gcuireann daoine ciontaithe isteach ceart na pianbhreitheanna a gearradh orthu agus nach é an toradh a bheidh ar chinntí a déantar faoi phríosúnaigh faoina gcúram, go mbeidh aon chontúirt/baol ar an mórfhobal nach bhfuil gá leis.

Tá na sé ghníomhartha straitéiseacha sa Straitéis bunaithe ar:

- Líon na bpríosúnach
- Dul chun cinn na bpríosúnach
- Cláir do phríosúnaigh
- Bainistíocht agus Foireann
- Eastát na bPríosún, agus
- Reachtaíocht do Phríosúin a Dhaingniú

Seirbhís Phríosúin na hÉireann – Tuarascáil Bhliantúil 2013

Trí fheidhmiú na gníomhartha seo táthar ag iarraidh a chinntiú go bhfuil an tSeirbhís ag cloí lena bhfreagrachtaí bunúsacha mar ghné ríthábhachtach den chóras dlí coiriúil.

Ag leibhéal praiticiúil, bainfear amach na cuspóirí seo nuair a thógfaidh an tSeirbhís roinnt gníomhartha ar leith atá foilsithe i bpleananna gníomhartha bliantúla. **Tugtar eolas sa chuid seo den Tuarascáil Bhliantúil faoin dul chun cinn a rinneadh ar an bPlean Feidhmithe Straitéiseach go dtí deireadh na bliana 2013.**

Gníomhartha Straitéiseacha

1

Prison Numbers

We will align the capacity of our prisons in line with the guidelines laid down by the Inspector of Prisons. We will ensure that prisoners released early from custody are placed on appropriate, structured programmes of temporary release.

2

Prisoner Progression

We will re-engineer our prison system to give effect to the principles of normalisation, progression and reintegration. In conjunction with the Department of Children and Youth Affairs and other relevant stakeholders, we will end the detention of children in St. Patrick's Institution.

3

Prisoner Programmes

Through engaging with other statutory agencies, including the Probation Service, and the community and voluntary sector we will work to develop a system of joined up care from pre to post imprisonment in order to improve outcomes for prisoners. We will devise specific strategies for younger prisoners, women, older prisoners, sex offenders, protection prisoners, violent offenders and those suffering from mental illness. We will build on and enhance current programmes and services, including accredited education and vocational training.

4

Management and Staffing

We will implement the provisions of the Public Service Agreement 2010 - 2014 and the Integrated Plan for the Justice and Equality Sector in order to sustain the delivery of excellent public services while delivering the necessary cost reductions and efficiencies. We will review our management and staffing structures to ensure greater efficiency and strengthen accountability and communication across the Service.

5

Prison Estate

We will implement a 40 month capital plan to provide in cell sanitation in all cells and radically improve prison conditions in the older parts of the prison estate.

6

Consolidation of Prison Legislation

We will work with the Department of Justice and Equality in relation to the consolidation of prison law and its restatement in clear accessible modern terms.

1. Líon na bpríosúnach

Déanfaimid an toilleadh sna príosúin a ailíniú leis na treoirlínte atá leagtha síos ag Cigire na bPríosún fad is go bhfuil sé comhoiriúnach le sábháilteacht an phobail agus le hionracas an chórais dlí choiriúil. Cinnteoidimid go gcuirtear príosúnaigh a scaoiltear amach luath as príosún ar chlár chuí struchtúrtha do dhaoine atá á scaoileadh amach as príosún go sealadach.

2. Dul chun cinn na bpríosúnach

Déanfaimid athinnealtóireacht ar ár gcóras príosún le feidhm a thabhairt do na prionsabail lena n-áirítear, normalú, dul chun cinn agus athimeascadh. Cuirfimid deireadh le coiméad leanaí i bhForas Naomh Pádraig i gcomhar leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus páirtithe leasmhara cuí eile.

3. Cláir do Phríosúnaigh

Oibreoidimid le bainistiú pianbhreitheanna réamh-phríosúnachta agus iar-phríosúnachta a fheabhsú ar shlí a chuirfidh toradh feabhsaithe do phríosúnaigh ar fáil trí rannpháirtíocht le gníomhaireachtaí eile stáit, le n-áirítear an tSeirbhís Phromhaidh, agus earnálacha pobail agus deonacha. Leagfaimid amach stráitéiseacha áirithe do phríosúnaigh níos óige, mná, príosúnaigh níos sine, ciontóirí gnéis, príosúnaigh cosanta, ciontóirí foréigneacha agus dóibh siúd atá ag fulaingt le meabhairghalar. Tógfaimid agus cuirfimid feabhas ar na cláir agus seirbhísí reatha, lena n-áirítear oideachas agus gairmoiliúint creidiúnaithe.

4. Bainistíocht agus Foireann

Cuirfimid i bhfeidhm forálacha Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 agus an Phlean Athchóirithe Comhtháite don Earnáil Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun ceadú seirbhísí poiblí den scoth a chur ar fáil agus na costais laghdaithe agus éifeachtúlachtaí is gá a chur ar fáil chomh maith. Déanfaimid athbhreithniú ar ár struchtúr bainistíochta agus foirne lena chinntiú go mbeidh éifeachtúlacht níos fearr agus freagracht agus cumarsáid níos láidre ar fud na Seirbhíse.

5. Eastát na bPríosún

Cuirfimid i bhfeidhm plean caipitiúil 40 mí chun sláintíocht a chur isteach sna na cillíní ar fad agus feabhas ó bhonn a chur ar choinníollacha príosúin sna na seanpháirteanna d'éastát na bpríosún.

6. Reachtaíocht do Phríosúin a Dhaingniú

Oibreoimid leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i dtaca le dlí príosúin a dhaingniú agus athráiteas a dhéanamh faoi i dtéarmaí soiléire a bhfuil fáil orthu.

Tuairisc ar an Dul Chun Cinn

Gníomh Straitéiseach 1: Líon na bPríosúnach

Gníomh 1.1

Plódú fadtéarmach a laghdú i Muinseo, Corcaigh, Luimneach agus An Lárionad le Dóchas

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2012

Leanúnach

Tá an toilleadh leapacha i 6 phríosún ailínithe leis an fhigiúr a bhí molta ag Cigire na bPríosún lena n-áirítear:

Muinseo na bhfear, Dóchas, Foras Naomh Pádraig, Port Laoise, Teach an Locháin, Mainistir Shelton.

Ina theannta sin, tá an toilleadh leapacha i bPríosún Chorcaí laghdaithe ó 290 go 210. Tá an toilleadh leapacha d'fhir i bPríosún Luimnigh laghdaithe ó 290 go 220.

Príosún an Láir Tíre – tá an bloc nua a thosaigh ag feidhmiú i nDeireadh Fómhair 2012 ag cuidiú le príosúin Luimnigh agus Chorcaí a choinneáil ag feidhmiú ag nó faoin leibhéal toilleadh leapacha atá iontu faoi seach.

Gníomh 1.2

Feidhmiú céimneach náisiúnta den Chlár Fillte ar an Phobal

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Comhlíonta

Gníomh 1.3

Comhshocruithe cistithe agus foirne chun líon na gclár struchtúrtha atá ar fáil sa phobal a uasmhéadú.

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Comhlíonta

Gníomh 1.4

Líon níos mó príosúnach fadtéarmach rannpháirteach i bpróiseas an Bhoird Parúil

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Leanúnach

Tugadh roinnt tionscnamh isteach i gcomhar leis an mBord Parúil chun rannpháirtíocht le próiseas an Bhoird Parúil a spreagadh

Cuireadh bileoga eolais le chéile faoi phróiseas an Bhoird Parúil agus scaipeadh iad i measc príosúnach cáilithe.

Éascaíodh cruinnithe eolais leis an mBord Parúil i measc príosúnach saoil i roinnt príosún.

Gníomh Straitéiseach 2: Dul chun cinn na bPríosúnach

Gníomh 2.1

Leibhéal slándála agus réimis stádais 14 dár gcuid príosún a ainmniú agus a chinntiú go mbainisteofar pianbhreitheanna na bpríosúnach le dul chun cinn iomchuí tríd an gcóras a chinntiú le súil agus normalú, dul chun cinn agus athimeascadh a fheabhsú.

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Leanúnach

Plean Náisiúnta Sreafa maidir le bainistiú pianbhreitheanna agus dul chun cinn príosúnach á bhrú ar aghaidh.

Gníomh 2.2

Athbhreithniú bunúsach ar struchtúr campais na bpríosún/ na bpríosún aonair ó thaobh feidhme de agus ó thaobh cláir inmheánacha maidir le dul chun cinn na bpríosúnach

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Leanúnach

Tá Struchtúir Bhainistithe Campais nua tugtha isteach i Muinseo, Baile Átha Cliath Thiar agus Port Laoise. Táthar i mbun plé le hOifig an Ard-Aighne, le gníomhaireachtaí Ceartais eile agus leis an Roinn maidir leis na hathruithe reachtaíochta atá riachtanach le héifeachtúlachtaí oibríochta a chur i bhfeidhm ar feadh na gCampas.

Gníomh 2.3

Athbhreithniú ar stádas cimithe na bpríosún

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Leanúnach

Tá roinnt rudaí móra bainte amach – tá Príosún Pháirc na Cruithneachta ainmnithe mar Áit Coinneála agus ní bheidh sé ina phríosún cimithe níos mó.

Tá tús le cur leis an bpróiseas athbhreithnithe foirmiúil in mí Eanáir 2014.

Gníomh 2.4

Nósanna imeachta iomchuí maidir le cimiú le tabhairt isteach

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Comhlíonta

Gníomh 2.5

Sain-Limistéir cimithe le tabhairt isteach i ngach príosún cimithe

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Comhlíonta

Gníomh Straitéiseach 3: Cláir do phríosúnaigh

Gníomh 3.1

Pleanáil phianbhreitheanna a fheabhsú lena n-áirítear Bainistíocht Chomhtháite Pianbhreitheanna

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Leanúnach

Bainistiú Pianbhreithe Comhtháite (ISM) – os cionn 2,000 cás gníomhach ag deireadh 2013.

Folúntais ISM á líonadh faoi láthair, rud a cheadóidh feidhmiú céimneach iomlán i Ráithe 2 2014.

Folúntais d'Oifigigh Oibre agus Oiliúna (WTO) á líonadh faoi láthair, rud a éascóidh athlonnú agus oiliúint oibre níos fearr.

Feidhmiú céimneach ar Sheirbhís Leabharlainne Athbhreithnithe le tosú i RÁITHE 12014.

Gníomh 3.2

Feidhmiú céimneach náisiúnta ar Bheartas Réimeas Dreasaithe agus córaspholasaí dreasaithe aonarach a thabhairt isteach i ngach príosún

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Comhlíonta

Straitéisí Sonracha a Fhorbairt

Gníomh 3.3

Straitéis do phríosúnaigh níos óige

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Leanúnach

Is ionann forbairt na straitéise seo agus ceann de na 7 nGníomh Straitéiseacha atá i gComh-Straitéis an IPS/na Seirbhíse Promhaidh a foilsíodh i mBealtaine 2013. Leagtar amach sa Straitéis plean idirghníomhaireachta maidir leis an tslí a leanfaidh an dá eagraíocht ag forbairt agus ag comhordú na comhoibre, i gcomhar lenár gcomhpháirtithe reachtúla, pobail agus iad san earnáil deonach, chun cur tuilleadh le torthaí do phríosúnaigh, lena n-áirítear, *inter alia*, ógchiontóirí agus chun cabhrú le hÉire níos sláine agus níos cothroime a chruthú.

Gníomh 3.4

Straitéis do phríosúnaigh mná

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Leanúnach

Tá an Straitéis á dréachtadh i gcomhthéacs tionscnaimh ilghníomhaireachta agus foilseofar í i Ráithe 1 2014.

Gníomh 3.5

Straitéis do phríosúnaigh níos sine

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Leanúnach

Bunaíodh grúpa oibre agus dréachtaíodh plean gnímh sonracha a thabharfar chun críche in Ráithe 1 2014.

Comhaontaíodh agus cuireadh i bhfeidhm plean cúraim altranais do dhaoine níos sine faoi choimeád le haird ar shain-riachtanais daoine níos sine. Tá plean cúraim altranais ag gach príosúnach os cionn 60 bliain d'aois, ina n-aithnítear a sain-riachtanais féin. Cabhraíonn an próiseas pleanála cúraim seo leis an bhfoireann cúraim sláinte saincheisteantha othar a aithint agus cúram iardain éifeachtach a eagrú arna scaoileadh saor ón bpríosún.

Gníomh 3.6

Straitéis do Chiontóirí Gnéis

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Leanúnach

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann ag cinntiú i gcónaí go ndéantar gach iarracht cuí le n-oibriú le ciontóirí gnéis lena chinntiú go laghdaítear an baol chomh mór agus is féidir go ndéanfaidh siad coireanna eile tar éis iad bheith scaoilte saor as príosún agus go dtugtar tacaíocht dóibh le hathimeascadh i measc an phobail. Tá Comhghrúpa Oibre ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann/an tSeirbhís Phromhaidh bunaithe chun baol agus saincheisteantha ábhartha de choir na gciontóirí gnéis a athbhreithniú. Aithníodh go forleathan an gá criticiúil chun freagra éifeachtach bainistithe a chur ar fáil d'fhir a chimítear as coireanna gnéis, go háirithe iad siúd a bhfuil baol níos mó ann go ndéanfaidh siad an choir chéanna arís agus déanfaidh an grúpa iarracht beartais a aithint chun ciontóirí gnéis a chur ag plé le teiripe dírithe ar an gcoir a rinne siad.

Gníomh 3.7

Straitéis do Phríosúnaigh a dteastaíonn cosaint uathu

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Leanúnach

Grúpa ardleibhéil bunaithe i mí Iúil 2013 le féachaint ar bhearta chun an líon príosúnach a choimeádtar ar réimeas srianta a laghdú.

Laghdú 32% tagtha ar an líon príosúnach ar réimeas srianta ar feadh an chórais ó 339 i mí Iúil 2013 go 228 faoi dheireadh na bliana.

Ina theannta sin, tá laghdú de 161 príosúnach tagtha ar líon na bpríosúnach a bhíonn faoi ghlas ar feadh 22/23 uair nó beagnach 76%, ó 211 príosúnach go 50 le linn na bliana.

Gníomh 3.8

Straitéis do Chiontóirí Foréigneacha

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Comhlíonta

Gníomh 3.9

Straitéis do Phríosúnaigh a bhfuil meabhairghalar orthu

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Leanúnach

Dul chun cinn suntasach déanta in 2013. Acmhainní aitheanta ag an HSE chun an tríú Aonad Ardtacaíochta a bhunú i bPríosún an Láir Tíre i Ráithe 2 2014.

Gníomh 3.10

Cleachtais phíolótacha ceartas aisiríoch

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Leanúnach

Cláir píolótacha ar bun ag an Lárionad le Dóchas agus i bPríosún Pháirc na Cruithneachta. Le forbairt tuilleadh in 2014.

Gníomh 3.11

Infheistíocht Tionchair Shóisialta (SII)

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Leanúnach

SII scrúdaithe agus curtha ar leataobh go fóill.

Cláir píolótacha malartacha tacaíochta curtha ar bun do phríosúnaigh faoi phianbhreitheanna gearrthéarmacha – UCAS Chorcaí agus CAP Bhaile Átha Cliath.

Tionscnaimh bhreise in áit infheistíochta sóisialta le forbairt in 2014 i bPríosún Luimnigh, an Láir Tíre, an Chaisleáin Riabhagh agus Pháirc na Cruithneachta.

Gníomh 3.12

Pleananna bainistithe cáis idirghníomhaireachta do gach príosúnach faoi réir maoirseacht iar-choimeádta

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Leanúnach

Comh-Straitéis an IPS/na Seirbhíse Promhaidh foilsithe ag an Aire i mBealtaine 2013.

Gníomh 3.13

Cláir príosún-bhunaithe agus socruithe tré-chúraim a fhorbairt do phríosúnaigh

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Leanúnach

Comh-Straitéis an IPS/na Seirbhíse Promhaidh foilsithe ag an Aire i mBealtaine 2013.

Gníomh 3.14

Forbairt agus feabhas leanúnach ar sheirbhís drugaí lena n-áirítear athbhreithniú ar Bheartas Cóireála Drugaí Cliniciúla Sheirbhís Phríosúin na hÉireann

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Leanúnach

Cóireáil Malartaithe Codlaidínigh sínte chuig an Aonad Oiliúna in 2013.
Le síneadh chuig Príosún an Chaisleáin Riabhaigh in Eanáir 2014.
Seirbhísí Cóireála Drugaí méadaithe i gCampas Mhuinseo.

Gníomh 3.15

Aonaid Saor ó Dhrugaí a thabhairt isteach i ngach príosún, seirbhísí cóireála drugaí a fhorbairt go leanúnach agus beartais fheabhsaithe le soláthairtí a laghdú.

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Leanúnach

Tá Aonaid Saor ó Dhrugaí ag feidhmiú i ngach príosún dúnta ach amháin i gCampas Phort Laoise agus i Muinseo. Tosaíocht do Ráithe 1 2014.

Gníomh 3.16

Áiseanna caighdeánacha iniúchta chun coibhéis cúram sláinte a thomhais.

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Leanúnach

Tá tús curtha le hiniúchtaí agus tá siad le tabhairt chun críocha in 2014.

Gníomh 3.14

Tacaíochtaí Teaghlaigh a Neartú

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Leanúnach

Grúpa Oibre Príosúnachta agus Teaghlaigh bunaithe agus a gcuid oibre tugtha chun críche acu anois. Tuarascáil agus Plean Forfheidhmithe le seoladh i Ráithe 1 2014.

Gníomh Straitéiseach 4: Bainistíocht agus Foireann

Gníomh 4.1

Comhaontú na Seirbhíse Poiblí a Fheidhmiú

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Leanúnach

14 as 18 Athbhreithniú ar Chomhthascanna tugtha chun críche agus an chuid eile ar siúl

Oifigeach Riaracháin agus Tacaíochta Príosúin (PASO) - 107 de 139 ag feidhmiú.

Earcaíocht Oscailte tugtha isteach.

Beartas Bainistithe Neamhláithreachta le cur i bhfeidhm go luath in 2014.

Gníomh 4.2

Athstruchtúrú Bainistíochta agus Foirne

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Leanúnach

Rialachas campas-bhunaithe tugtha isteach i dtrí áit - Campas Bhaile Átha Cliath Thiar (Áit Choinneála Pháirc na Cruithneachta agus Príosún Chnoc na Seamar), Campas Phort Laoise (Príosún Phort Laoise agus Príosún an Láir Tíre) agus Campas Mhuinseo (Príosún Mhuinseo, An Lárionad le Dóchas agus an tAonad Oiliúna).

Gníomh 4.3

Aonad Caighdeáin Ghairmiúla agus Dlí a Bhunú

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Comhlíonta

Gníomh 4.4

Creidiúnú ó Chóras Bainistithe Sláinte Ceirde agus Sábháilteachta an IPS a fháil agus a chothabháil

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Leanúnach

Grúpa comhlíonta faoi chathaoirleacht an Ard-Stiúrthóra bunaithe in Eanáir 2013 (buaileann le chéile gach dara mí). Lámhleabhar S&S don fhoireann nuashonraithe, foilsithe agus seolta i gcampas Phort Laoise. Gach campas agus príosún eile lena lámhleabhair athbhreithnithe a sheoladh i Ráithe 1 2014.

Dul chun cinn suntasach déanta maidir le sábháilteacht dóiteáin i bPríosún Chorcaí agus i bPríosún Luimnigh.

Gníomh 4.5

Athbhreithniú ar struchtúir oiliúna

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Leanúnach

Go leor bainte amach i ndáil le cosaint leanaí, feasacht ar mheabhairshláinte agus oiliúint i gcearta an duine.

Gníomh 4.6

Cairt do Dhínit ag an Obair agus feachtas measa agus dínite i ngach príosún a sheoladh

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Leanúnach

Grúpaí Stiúrtha agus Fo-Ghrúpaí bunaithe chun clár a fhorbairt agus dul chun cinn suntasach déanta.

Gníomh straitéiseach 5: Eastát na bPríosún

Plean Caiteachais Chaipitiúil 2012-2016

Gníomh 5.1

Sláintíocht sa chill a chur ar fáil i ngach áit eile in eastát na bpríosún

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Leanúnach

Laghdú mór bainte amach ar an líon príosúnach nach bhfuil leithreas ina gcill acu i Muinseo agus i Luimneach. (Líon iomlán de 800 in 2012 laghdaithe chuig 500 faoi dheireadh 2013).

Laghdú breise le baint amach i Ráithe 1 2014 nuair a dhúnfar Eite D, Muinseo.

Nuair a dhúnfar Eite D, Muinseo beidh sláintíocht sa chill ag os cionn 92% de na príosúnaigh.

Gníomh 5.2

Tabhairt faoi thionscadail chaipitil d'fhonn cóiríocht agus saoráidí as dáta a athsholáthair:

- i bpríosún Chorcaí;
- i bpríosún Luimnigh (eití A & B a athsholáthar);
- i bpríosún Mhuinseo (eití A, B & D);
- i bpríosún Phort Laoise, Bloc E.

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Leanúnach

Corcaigh - Conradh do phríosún nua sínithe i Nollaig 2013. Tús le cur leis an obair in Eanáir 2014.

Luimneach - Próiseas pleanála ar bun agus cinneadh maidir le dul chun cinn ag brath ar chaipiteal.

Muinseo – Eití A, B & C tugtha chun críche. Conradh d'Eite D le bronnadh i Ráithe 1 2014.

Port Laoise – an tionscadal ag brath ar chaipiteal.

Gníomh straitéiseach 6: Reachtaíocht do Phríosúin a Dhaingniú

Gníomh 6.1

Déanfaimid an méid seo a leanas, i gcomhar leis an Rannán Athchóirithe Dlí Choiriúil:

- Dlí príosúin a athbhreithniú chun réimsí dlí a aithint le haisghairm, le athbhreithniú nó le hathlua i dtéarmaí nua-aimseartha;
- Réimsí a aithint nach mór a rialú ag reachtaíocht i bhfianaise forbairtí idirnáisiúnta;
- An tslí a bhféadfadh leasuithe ar an dlí atá ann cheana féin a mheas i ndáil le feidhmiú níos éifeachtúla na Seirbhíse ó lá go lá a éascú;
- Forálacha reachtúla nua a mholadh d’fhonn an struchtúr rialachais corparáidigh is oiriúnaí don eagraíocht a léiriú;
- Aon leasuithe reachtúla is gá chun éifeacht a thabhairt do ghealltanais Chlár an Rialtais maidir le loghadh a aithint.

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Leanúnach

Ionstraimí Reachtúla ullmhaithe agus achtaithe chun éifeacht a thabhairt d’athruithe i bhForas Naomh Pádraig agus i bPríosún Pháirc na Cruithneachta.

Rialacháin nua achtaithe d’Áit Choinneála Pháirc na Cruithneachta.

Abhcóide Comhairleach ar iasacht ó Oifig an Ard-Aighne chuig Oifig na gCaighdeán Gairmiúil agus Dlí.

Ordú Cimithe Comhdhlúite athbhreithnithe agus i bhfeidhm.

Gníomh 6.2

Saineolas agus comhairle a chur ar fáil don Rannán Athchóirithe Dlí Choiriúil chun cabhrú le dréacht-Scéim Ghinearálta do Bhille Príosúin a leagan amach

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Leanúnach

Tá tús curtha leis an réamhobair thaighde.

Gníomh 6.3

Tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil don Rannán Athchóirithe Dlí Choiriúil chun cabhrú leis an mBille a fhoilsiú agus a chur tríd an Oireachtas lena achtú

Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2013

Leanúnach

Aguisíní

Aguisín I

Nuashonrú ar Chomhstraitéis na Seirbhíse Promhaidh/Sheirbhís Phríosúin na hÉireann

1 Leanúint le Bainistiú Pianbhreitheanna

TRÍ BHAINISTIÚ PIANBHREITHEANNA A FHEABHSÚ AGUS TRÉ-CHÚRAM A THABHAIRT DÁR bPRÍÓSÚNAIGH, TÁ NA NITHE SEO A LEANAS DÉANTA AGAINN:

- Scéimeanna Tacaíochta Pobail do phríosúnaigh triailte i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath.
- Cláir iomchuí leagtha amach do chiontóirí gnéis foréigneacha sa phríosún agus sa phobal.
- Cead faighte do Shíceolaí Sinsearach a bheidh freagrach as ciontóirí gnéis a mheas i bPríosún an Láir Tíre mar *conduit* chuig an lárionad cóireála náisiúnta, Príosún Chnoc an Arbhair.
- Clár nua triailte i bpríosún le ciontóirí faoi phianbhreith saoil.
- Sainchláir iompair ciontóra “Rogha agus Dúshlán” triailte le príosúnaigh.
- Seirbhís Leasa Pobail Inrochtana Príosúin arna chomh-mhaoiniú leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, chun cabhrú le príosúnaigh a ullmhú lena scaoileadh saor.

2 Filleadh ar an Phobal

TRÍD AN gCLÁR CHUN FILLEADH AR AN PHOBAL A FHEIDHMIÚ TUILLEADH, TÁ NA NITHE SEO A LEANAS DÉANTA AGAINN:

- Sáraíodh an sprioc maidir le rannpháirtithe (300) in 2013 le 396 scaoilte saor ar bhonn struchtúrtha, rud a thug deis do sprioc nua de 450 scaoileadh saor a bhunú do 2015.
- Rinne scrúdú maidir leis an gClár chun Filleadh ar an Phobal a shíneadh chuig tuilleadh príosúnach.
- Bunaíodh tionscadal gairneoireachta ag Halla Bhaile na Sceach mar thionscadal cúitimh príosúnach agus tá na chéad earraí le bheith réidh go luath sa samhradh 2014. Soláthraithe deonacha bia/béilí le tairbhe a bhaint astu.
- Tús curtha, trí na hAonaid Oideachais príosún-bhunaithe, le scrúdú a dhéanamh ar an deis acmhainn Halla Bhaile na Sceach a úsáid chun clár creidiúnaithe a chur ar bun le linn 2015.

3 Tacaíochtaí do Phríosúnaigh Ghearrthéarmacha

TRÍ THACAÍOCHT A CHUR AR FÁIL DO PHRÍÓSÚNAIGH FAOI PHIANBHREITH GHEARR, TÁ NA NITHE SEO A LEANAS DÉANTA AGAINN:

- Caidreamh déanta leis an NGO pobal-bhunaithe, *Care After Prison*, chun tacaíocht agus abhcóideacht a chur ar fáil do phríosúnaigh faoi phianbhreitheanna faoi 12 mhí is iad ligthe amach go sealadach sa phobal.
- 64 duine iarchurtha chuig scéim phíolóta Bhaile Átha Cliath ó Bhealtaine 2013.
- Caidreamh déanta leis an NGO pobal-bhunaithe, *Cork Alliance*, chun tacaíocht a chur ar fáil do phríosúnaigh faoi phianbhreitheanna gearrthéarmacha is iad ag fágáil Príosúin Chorcaí agus 73 duine iarchurtha chuig scéim phíolótach Chorcaí le linn 2013.

4 Tionscnaimh i gCorcaigh agus i Luimneach

TRÍ FHREAGRAÍ A FHORBAIRT DO PHRÍOSÚIN CHORCAÍ AGUS LUIMNIGH, TÁ NA NITHE SEO A LEANAS DÉANTA AGAINN:

- Tús curtha le tionscadal oibrí abhcóideachta a fhorbairt.
- Tús curtha le Scéimeanna Tacaíochta Pobail a thriail do phríosúnaigh ghearrthéarmacha i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh agus feidhmiú céimneach breise chuig Príosún Luimnigh beartaithe do 2014.
- Na Cláir chun Filleadh ar an Phobal a shíneadh chuig an dá Institiúid.
- Príosúnaigh scaoilte saor ar an gClár chun Filleadh ar an Phobal a lánpháirtiú le cláir cúitimh pobail mar shampla an Tionscadal um Ghraifítí a Ghlanadh.

5 Banchiontóirí

TRÍ AGHAIDH A THABHAIRT AR RIACHTANAIS BANCHIONTÓIRÍ, TÁ NA NITHE SEO A LEANAS DÉANTA AGAINN:

- Comh-Straitéis na mBan.
- Tús curtha le forbairt ar thionscadal ilionaid i mBaile Átha Cliath.
- Roinnt sainchlár do mhná a bhfuil taifead ciontóra acu tosaithe agus curtha ar fáil agus cur chuige saindírithe ar oibriú le banchiontóirí i roinnt áiteanna triailte.
- Tús curtha leis an obair mná a shuiteáil ar láithreáin Seirbhíse Pobail agus Filleadh ar an Phobal a thacaíonn le mná.

6 Ógchiontóirí

TRÍ AGHAIDH A THABHAIRT AR RIACHTANAIS ÓGCHIONTÓIRÍ, TÁ NA NITHE SEO A LEANAS DÉANTA AGAINN:

- Gach príosúnach 17 mbliana d'aois aistrithe ó Fhoras Naomh Pádraig chuig aonad speisialaithe in Áit Choinneála Pháirc na Cruithneachta.
- Tús curtha le príosúnaigh faoi 21 bliana d'aois a aistriú chuig Áit Choinneála Pháirc na Cruithneachta.
- Roghanna a dhíríonn ar oideachas agus oiliúint chun filleadh ar an phobal leagtha amach d'ógchiontóirí faoi 21 bliana d'aois.
- Cur chuige nua ar mhaoirsiú promhaidh struchtúrtha ar ógchiontóirí atá scaoilte saor comhaontaithe le promhadh an óige agus curtha i bhfeidhm.

7 Comhfhorbairt ar Shonraí Staitistiúla

TRÍ OBAIR LENA CHINNTIÚ GO MBEIDH SONRAÍ CRUINNE MAR FHAISNÉIS AG ÁR gCLEACHTAS, TÁ NA NITHE SEO A LEANAS DÉANTA AGAINN:

- I gcomhar leis an bPríomh-Oifig Staidrimh, leanadh suas staidéar 2012 ar atitimeachas agus tugadh faoi staidéar cothrom le dáta ar chiontóirí a bhí scaoilte saor ón bpríosún chomh maith le ciontóirí a bhí ag tabhairt faoi smachtbhannaí pobail maoirsithe in 2008.
- Clár bliantúil de bhreis staidéir ar atitimeachas comhaontaithe leis an bPríomh-Oifig Staidrimh, clár a athbhreithneofar agus a fhorbrófar ar bhonn bliantúil.
- Tús curtha le measúnacht taighde ar an gClár chun Filleadh ar an Phobal.

Aguisín II

**Daoine faoi Choimeád faoi Phianbhreith ar 30 Samhain 2013 –
Cionghrúpa arna rangú de réir fhad na pianbhreithe**

	Míonna			Blianta							
	<3	3 go <6	6 go <12	1 go <2	2 go <3	3 go <5	5 go <10	10+	Saol	Iomlán	%
GP1 Cionta Dúnbhásaithe	-		1	2	2	16	61	24	305	411	12%
GP2 Cionta Gnéis	-	1	5	26	27	57	134	91	11	352	10%
GP3 Iarrachtaí / Bagairtí ar Dhúnmharú, Ionsaithe, Ciapadh agus Cionta Gaolmhara	3	9	34	70	86	130	96	22	3	453	13%
GP4 Gníomhartha Dainséaracha nó Faillíocha	1	7	13	25	6	17	17	-	-	86	2%
GP5 Fuadach agus Cionta Gaolmhara	-	-	-	-	2	15	19	9	-	45	1%
GP6 Robáil, Sracaireacht agus Cionta Urghabhála	-	-	2	7	26	48	38	8	-	129	4%
GP7 Buirgléireacht agus Cionta Gaolmhara	1	7	48	86	53	87	59	11	-	352	10%
GP8 Gadaíocht agus Cionta Gaolmhara	6	33	86	94	91	191	106	6	-	613	18%
GP9 Calaois, Dallamullóg agus Cionta Gaolmhara	1	2	14	10	5	11	4	-	-	47	1%
GP10 Cionta um Dhrugaí Rialaithe	-	6	13	26	64	172	207	101	-	589	17%

Seirbhís Phríosúin na hÉireann – Tuarascáil Bhliantúil 2013

GP11 Cionta Arm agus Pléascán	-	7	10	17	10	40	70	23	-	177	5%
GP12 Damáiste do Mhaoín agus don Chomhshaol	2	8	22	13	9	18	11	-	-	83	2%
GP13 Cionta Oird Phoiblí agus Cóid Shóisialta	15	20	9	3	5	2		-	-	54	2%
GP14 Cionta Bóthair agus Tráchta	2	15	11	6	2			-	-	36	1%
GP15 Cionta in aghaidh an Rialtais, Nósanna Imeachta Ceartais agus Coireacht Eagraithe	4	2	7	-	3	4	14	1	-	35	1%
GP16 Cionta Nach Rangaítear faoi Aon Teideal Eile	1	-	-	2	2	4	3	-	-	12	0%
Iomlán	36	117	275	387	393	812	839	296	319	3,474	

Fíor 14. Daoine faoi choimeád amhail an 30 Samhain 2013

Aguisín III

An meánlíon laethúil príosúnach in aghaidh na hInstitiúide 2013

Institiúid	Toilleadh leapacha	Faoi Choimeád	Ar Scaoileadh Sealadach	Ar Athchur/ar a dTriail
Cnoc an Arbhair	142	141	0	1
An Caisleán Riabhach	344	354	45	64
Cnoc na Seamar	431	402	15	287
Corcaigh	210	231	126	36
Luimneach (mná)	29	29	34	7
Luimneach (fir)	220	225	56	43
Teach an Locháin	140	124	13	0
Lár Tíre	874	762	53	24
Muinseo (mná)	105	127	75	25
Muinseo (fir)	541	537	136	4
Port Laoise	291	262	4	17
Mainistir Shelton	115	104	12	0
Foras Naomh Pádraig	192	129	15	19
An tAonad Oiliúna	113	105	27	0
Páirc na Cruithneachta	679	626	88	23
Iomlán	4,426	4,158	699	550

Aguisín IV

Cimithe chun príosúin 2001 go 2013

Bliain	Iomlán	Athrú ón mbliain roimhe - %	Daoine	Athrú ón mbliain roimhe - %	Fir	Mná
2001	12,127		9,539		8,616	923
2002	11,860	-2.2	9,716	1.90	8,673	1,043
2003	11,775	-0.7	9,814	1.00	8,669	1,145
2004	10,657	-9.5	8,820	-10.10	7,914	906
2005	10,658	0.0	8,686	-1.50	7,780	906
2006	12,157	14.1	9,700	11.70	8,740	960
2007	11,934	-1.8	9,711	0.10	8,556	1,155
2008	13,557	13.6	10,928	12.50	9,703	1,225
2009	15,425	13.8	12,339	12.90	10,880	1,459
2010	17,179	11.4	13,758	11.50	12,057	1,701
2011	17,318	0.8	13,952	1.41	12,050	1,902
2012	17,026	-1.7	13,860	-0.7	11,709	2,151
2013	15,735	-7.6	13,055	-5.8	10,729	2,326

Fíor 16. Cimithe chun príosúin 2001-2013

Aguisín V

Cimithe faoi phianbhreith 2013

Rangaithe de réir chionghrúpa agus fhad na pianbhreithe

	Míonna			Blianta						
Cionghrúpa	<3 Mhí	3 go <6 Mhí	6 go <12 Mhí	1 go <2 Bl.	2 go <3 Bl.	3 go <5 Bl.	5 go <10 Bl.	10+ Bl.	Saol	Iomlán
GP01 Cionta Dúnbhásaithe	-	-	1	2	2	13	10	2	21	51
GP02 Cionta Gnéis	2	11	13	30	28	22	40	12	-	158
GP03 Iarrachtaí / Bagairtí ar Dhúnmharú, Ionsaithe, Ciapadh agus Cionta Gaolmhara	104	118	97	81	81	65	13	3	1	563
GP04 Gníomhartha Dainséaracha nó Faillíocha	711	117	34	19	3	8	4	-	-	896
GP05 Fuadach agus Cionta Gaolmhara	-	-	-	1	4	7	3	-	-	15
GP06 Robáil, Sracaireacht agus Cionta Urghabhála	-	1	14	12	20	19	7	-	-	73
GP07 Buirgléireacht agus Cionta Gaolmhara	34	53	142	41	31	40	13	-	-	354
GP08 Gadaíocht agus Cionta Gaolmhara	416	245	352	81	80	82	18	1	-	1,275
GP09 Calaois, Dallamullóg agus Cionta Gaolmhara	259	62	50	7	3	3	1	-	-	385
GP10 Cionta um Dhrugaí Rialaithe	429	84	87	36	59	98	41	12	-	846
GP11 Cionta Arm agus Pléascán	48	46	52	12	10	20	16	1	-	205
GP12 Damáiste do Mhaoín agus don Chomhshaol	180	87	100	19	11	11	3	-	-	411

Seirbhís Phríosúin na hÉireann – Tuarascáil Bhliantúil 2013

GP13 Cionta Oird Phoiblí agus Cóid Shóisialta	1,426	164	42	3	-	-	-	-	-	1,635
GP14 Cionta Bóthair agus Tráchta	3,379	330	49	-	1	-	-	-	-	3,759
GP15 Cionta in aghaidh an Rialtais, Nósanna Imeachta Ceartais agus Coireacht Eagraithe	933	64	46	2	-	3	3	-	-	1,051
GP16 Cionta Nach Rangaítear faoi Aon Teideal Eile	742	40	18	2	2	7	1	-	-	812
Iomlán	8,663	1,422	1,097	348	335	398	173	31	22	12,489
2012	8,837	1,734	1,273	461	447	494	227	31	22	
Difríocht	-174	-312	-176	-113	-112	-96	-54	0	0	
%	-2.0	-18.0	-13.8	-24.5	-25.1	-19.4	-23.8	0.0	0.0	

Fíor 18. Cimithe faoi phianbhreith de réir chionghrúpa agus fhad na pianbhreithe in 2013

Ceanncheathrú Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, Páirc Ghnó IDA,
Bóthar Bhéal Átha na Sluaighe, an Longfort, Éire.

T: 043 333 5100 F: 043 333 5371 R: info@irishprisons.ie G: www.irishprisons.ie